

Cionnas meise, a mheic Eoghain?

[McKenna, L.: *Aithdioghluim Dána* (Irish Texts Society, vols 37, 40, 1939/40), poem 46]

Fear Feasa ón Cháinte .cct.

1 Cionnus meise, a mheic Eoghain?  
nár dhamh, a dhreach inleoghain,  
gan mh'aithne dod ghruaidh ghairthe  
iar n-uair d'aithle m'ollmhaighthe.

2 Ní feas daoibh, ní [diongna] ribh,  
aitheonaidh tú uair éigin,  
a sgiaith chagaidh Chláir Banbha,  
má táim abaidh n-ealadhna.

3 Más fhíor is ughdar gach neach  
go labhairt, a fhlaith Muimhneach;  
tar theas an té nach labhair  
ní feas é 'n-a ealadhain.

4 Mar sin damhsa, a dhreach mar thuinn,  
ní feas an bhfuairais m'fhoghluim;  
a ceilt féin ní léigse linn  
m'éigse i gcéill muna chuirinn.

5 Fiú an aonrainn, a earla lag,  
ní dearnadh, 's ní do dhearmad,  
dod dhreic chruithshlim ghairthe ghlain  
le a gcuirfinn mh'aithne oraibh.

6 Ní haithnidh dhamh acht mé a-mháin  
neach rem cheird i gcrích Ghabhráin  
nach tug fríthe dána dhuid,  
a bhrágha críche Cearmuid.

7 Do dhealbhador a ndr'éachta,  
tugsad duana doidhéanta  
duit ar chreachbhuaibh beann mBanbha,  
a cheann eachshluaigh t'athardha.

8 Ní fhuil acht athfhuigheall áir  
ó fhearaibh Éireann d'éanláimh,  
a ghnúis fhortail ghairthe gheal  
's ó mholtaibh doirche draoitheadh.

9 I ndiaidh éigios Innse Fáil  
deacair adhmholadh d'fhagháil

dod chúl dhruimneach dá dtráigh tonn  
fuighleach cháigh muna chognam.

10 Bidh cú mhall, a mheic Eoghain,  
do réir iúil gach fhíreolaigh  
ga mbí a gníomh dá chora i gcruth  
sona más fíor le fiadhuch.

11 Amhlaidh sin a-túsa, a Thaidhg;  
do-ghéabham dod ghnúis neamhghairg  
sreith mholta nach fuair file  
do chruaidh chorra ar gceirdeine.

12 A-tá agam ret aghaidh  
sreath ghlan do ghréas éagsamhail  
do-chuaidh ó chách gan chuma;  
iar n-uair tráth a dteagluma.

13 An dánso, a dhreagain Fhódla,  
- tús as cóir d'fhior fhurfhógra -  
uaim, a cheann breacmhuighe Breagh,  
mar theachtuire id cheann cuirthear.

14 Dá dtaitnid na rainnse ruibh  
do-bhéara mé, a mheic Eoghuin,  
dod dhreich bhuig as deirge dath  
cuid d'ar gceirdne re a ceannach.

15 Nós na gceannuidhe, a chruth seang,  
do-ghéanam é go haithghearr  
red dheirc roimhir red ghnúis ngil  
gidh cúis doiligh a dhéinimh.

16 An aithnidh dhaoibh riamh roimhe  
an ní do-ní an ceannoidhe  
a hucht a n-adhanta air  
re lucht malarta an mhargaidh?

17 Gidh bé arra iarroid soin  
do-bearar leis do láthoir  
a fhéasgain i n-aisgidh dháibh,  
taisgidh as éasgaidh admháil.

18 Dá dtaitne riu, a rún fosoidh,  
ceannchor uaidh an t-arrooin  
ar na fiachaibh bhus luinn leis,  
dá dhruim ní tiachair thaireis.

19 Tusa fear iarrtha ar n-arra;

dá [ndaoire], a dhreach shéaghanna,  
mé ceann a roireactha ruibh  
doibheanta i gceann mo chonnruidh.

20 Iarr tuilleadh má thaitneann ribh,  
cuirfeadsa uaim i n-aisgidh,  
a shlat téagair bheann mBanbha,  
id cheann d'fhéagain m'ealadhna.

21 Tú as fhaide aithne uirthé  
cóir dhuit déanamh breathnuighthe  
maith th'aithne ór cheannghais dar gceird,  
a ghealbhras ghairthe ghruaidhdeirg.

22 A bheithir neimhneach nimhe,  
a chaor thaidhbhseach thinntighe,  
a ghéag oirdnidhe chlann gCuirc,  
a rann oirbhre dh'adhuint.

23 A luib íce t'fhine féin,  
a thonn ainbhteanach aigéin,  
a chrithear do chruaidh nimhe,  
a fhicheadh guail gheintlidhe.

24 A mhic dhílis Dé nimhe  
gé tá an t-éag 'n-a áiridhe  
- dol ód ghuin is eagal as -  
ní fheadar cuin nó cionnus. Cionnus

25 Dol tar mhnáibh a fine féin  
gidh lór dhí mar ainm eiséin,  
troigh ramhálla re mbí breath  
do-ní Anára dh'oineach.

26 Do lucht cuarta chláir Bhanbha  
re tuaith nó i n-ainm ealadhna  
fear cogaidh uirre ní fhuil;  
ní choguil duille an domhuin.

27 Ní nach déanaid leath ar leath  
ríoghna oile fhóid Mhuimhneach  
glac thirmgheal ó tholchaibh Breagh  
inghean Donnchaidh dá dhéineamh.